Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Márta 2022
(OR. fr)

7524/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0808(CNS)**

IXIM 63
CRIMORG 37
ENFOPOL 152
ENFOCUSTOM 47
JAI 388

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13925/21; 14838/21 |
| Ábhar: | Cinntí Prüm: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí clárúcháin feithicle (SCF) san Iodáil<br>– Glacadh |

1. An **2 Nollaig 2021**, i bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB, d'fhormheas na rannpháirtithe an tuarascáil cuairte meastóireachta maidir le malartú **sonraí clárúcháin feithicle (SCF)** don **Iodáil** (13924/21 IXIM 237 CRIMORG 132 ENFOPOL 436 ENFOCUSTOM 162 JAI 1234) mar aon leis an tuarascáil fhoriomlán (13925/21 IXIM 238 CRIMORG 133 ENFOPOL 437 ENFOCUSTOM 163 JAI 1235) atá bunaithe ar an gceistneoir, ar an gcuairt mheastóireachta agus ar an triail phíolótach.

2. Ag comhdháil an **2 Nollaig 2021**, admhaíodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le **SCF,** go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an **Iodáil**.

3. An **9 Nollaig 2021**, ghlac an Chomhairle, dá bhrí sin, na dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí ó Chaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an **Iodáil** a mhéid a bhaineann le malartú uathoibríoch **SCF** mar a leagtar amach in 14747/21 IXIM 277 CRIMORG 154 ENFOPOL 490 ENFOCUSTOM 182 JAI 1363 iad.

4. De réir mar a cheanglaítear leis na forálacha is infheidhme sna conarthaí, chinn an Chomhairle an **22 Nollaig 2021** dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le **SCF** san **Iodáil**, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch ar agus mar a leagtar amach in 14838/21 IXIM 284 CRIMORG 158 ENFOPOL 496 ENFOCUSTOM 189 JAI 1382 iad.

5. Thug Parlaimint na hEorpa tuairim uaithi an **24 Márta 2022**.

*6. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper:*

- *an tuarascáil fhoriomlán (13925/21 IXIM 238 CRIMORG 133 ENFOPOL 437 ENFOCUSTOM 163 JAI 1235) a chur faoi bhráid na Comhairle; agus*

- *a iarraidh ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle maidir le tús a chur le malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le **SCF** san **Iodáil** (14838/21 IXIM 284 CRIMORG 158 ENFOPOL 496 ENFOCUSTOM 189 JAI 1382) a ghlacadh mar mhír 'A' ar a clár oibre.*